Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2024
(OR. en)

6511/24

LIMITE

ENER 68
ATO 5
POLCOM 50
FDI 12
SERVICES 13

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra do CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 7 Iúil 2023, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh[1] . Tíolacadh togra den chineál céanna le haghaidh Euratom (11691/23).

2. Pléadh an togra ag cruinniú na Meithle um an mBeartas Fuinnimh/Trádáil (Seirbhísí agus Infheistíocht) an 5 Meán Fómhair 2023 agus an 13, 20 Feabhra 2024, agus d'eascair togra athbhreithnithe as. Is féidir an doiciméad athbhreithnithe a fheiceáil in 6509/24.

[1] 11692/23

3. Tá dlúthnasc idir an togra seo agus an próiseas chun an Conradh um Chairt Fuinnimh a nuachóiriú. Meabhraítear gur tháinig na Páirtithe Conarthacha ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an téacs nuachóirithe, le linn Comhdháil *ad hoc* maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022, agus ar an gcaoi sin, tugadh an chaibidlíocht chun críche, gan dochar don mheasúnú deiridh a rinne na Páirtithe Conarthacha. Bhí sé beartaithe an toradh a caibidlíodh a ghlacadh ag an 33ú cruinniú den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh an 22 Samhain 2022. Roimh an gcruinniú sin, níor ghlac an tAontas seasamh maidir le nuachóiriú an Chonartha. In éagmais seasamh ón Aontas, ní raibh an tAontas in ann vótáil ar ghlacadh an Chonartha nuachóirithe. I bhfianaise an mhéid thuas, ba cheart don Aontas agus do Euratom tarraingt siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh.

4. Chuir roinnt Ballstát in iúl go dtacaíonn siad leis na leasuithe atá beartaithe ar an gConradh agus chuir siad in iúl go bhfuil rún acu leanúint de bheith ina bPáirtithe Conarthacha sa Chonradh, faoi réir a nuachóirithe. Dá bhrí sin, ba cheart a cheadú do na Ballstáit sin, trí Chinneadh ar leith ón gComhairle, an nuachóiriú a fhormheas nó gan cur ina choinne ag Comhdháil an Chonartha um Chairt Fuinnimh, ar Comhdháil í a ghlacfaidh an nuachóiriú.

5. An 1 Márta 2024, mhol an Coimisiún dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gcruinniú ábhartha den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh nach bhfeidhmíonn ceart vótála an Aontais agus lena n-údaraítear do na Ballstáit an Conradh um Chairt Fuinnimh nuachóirithe a fhormheas nó gan é a fhormheas. Moladh cinneadh comhchosúil maidir le Euratom.

6. Tá nasc polaitiúil idir na dréacht-Chinntí ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais agus Euratom ón gConradh um Chairt Fuinnimh agus na dréacht-Chinntí ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus Euratom ag an gcruinniú ábhartha den Chomhdháil maidir leis an gCairt Fuinnimh, gan ceart vótála an Aontais/Euratom a fheidhmiú agus údarú a thabhairt do na Ballstáit an Conradh um Chairt Fuinnimh nuachóirithe a fhormheas nó gan cur ina choinne, ós rud é gur dhá ghéag de chomhréiteach iad sin.

7. Maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh, go háirithe, is gá toiliú a lorg ó Pharlaimint na hEorpa. Ní mór go mbeadh dóthain ama ag Parlaimint na hEorpa le haghaidh nós imeachta an toilithe. Dá bhrí sin, ba cheart an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil a luaithe is féidir. Chuirfeadh sé sin ar chumas an Aontais fógra a thabhairt faoina tharraingt siar ón gConradh um Chairt Fuinnimh roimh vóta na Comhdhála maidir leis an gCairt Fuinnimh i ndáil le nuachóiriú an Chonartha um Chairt Fuinnimh.

PUBLIC

8. Tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht, sula gcuirfear na dréacht-Chinntí ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais agus Euratom ón gConradh um Chairt Fuinnimh faoi bhráid na Comhairle lena nglacadh go críochnaitheach, faoi réir thoiliú Pharlaimint na hEorpa maidir le cuid an Aontais, gur cheart go mbeadh an próiseas le haghaidh na ndréacht-Chinntí ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh agus Euratom ag cruinniú ábhartha na Comhdhála um Chairt Fuinnimh nach bhfeidhmíonn ceart vótála an Aontais/Euratom á fheidhmiú aici agus lena n-údaraítear do na Ballstáit an Conradh um Chairt Fuinnimh nuachóirithe a fhormheas nó gan cur ina choinne, gur cheart go mbeadh an próiseas sin a bheith tugtha chun críche go comhthreomhar ag an gComhairle, d'fhonn na dréacht-Chinntí uile ón gComhairle a ghlacadh ar an dáta céanna.

9. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– an comhaontú i bprionsabal a dhearbhú maidir le téacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh mar a leagtar amach in 6509/24 é,

– a mholadh don Chomhairle, i gcuid A de chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, cinneadh a dhéanamh an dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.